



Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba chóir a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Déanfar an ghluais seo a chur ar aon dul leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.

Aithin: fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint

Anailísigh: staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí

Cosain: cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid

Cuir i bhfeidhm: faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú

Cuir síos: pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid líníochtaí, sceitsí nó léaráidí; plean, ionsamhlú nó samhail a tháirgeadh

Déan critic ar: gnéithe dearfacha agus diúltacha de, mar shampla, smaoineamh, de dhéantúsán nó de phróiseas ealaíonta a lua, ag tabhairt cúiseanna

Déan díospóireacht: Argóint a dhéanamh le dearcadh nó tuairim, seasamh a threisiú le fianaise

Déan taighde: sainfhiosrú a dhéanamh, ag úsáid iniúchadh casta agus criticiúil

Dearadh: rud éigin a dhéanamh nó a phleanáil do chuspóir faoi leith

Forbair: Píosa oibre nó smaoineamh a fhorbairt ón staid tosaigh go dtí staid níos faide ar aghaidh

Iniúch: anailís, breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí nó faisnéis a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua

Léirigh: líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin

Léirmhíniigh: eolas agus tuiscint a úsáid chun treochothaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar

Machnaigh: rud a mheas chun ceartúchán nó feabhsúchán a dhéanamh

Meas: ráiteas nó ríomh cainníochta ar ord méadaíochta réasúnaithe a thabhairt

Meas (cuimhnigh ar): cur síos a dhéanamh ar phatrúin i ndéantúsáin; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú

Míniigh: mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna

Pléigh: athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí; ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí

Sainaithin: patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair

Scrúdaigh: argóint, coincheap nó mír a mheas ar bhealach a nochtann a thoirmeach, a idirghaol nó a cheapadh

Úsáid: eolas, scileanna nó rialacha a chur i bhfeidhm chun iad a chur i ngníomh

Curtha in oiriúint ó Shonraíocht Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí ar fáil ag www.curriculumonline.ie

Tuilleadh acmhainní ar fáil ag www.jct.ie/leanganaeilge/visual_art/departmental_planning_ga